



# AN CHÉAD TUARASCÁIL BLIANTÚIL
## COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

Design: www.artefact.ie

GSOC Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Garda Síochána Ombudsman Commission,
31-35 Bow Street, Dublin 7.
Phone: (01) 828 0370
Fax: (01) 828 0371
e-mail: info@gsoc.ie

30th March 2007

An tUas. Micheál Mac Dubhghaill AS
An Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

A Thánaiste,

Tá áthas orainn an chéad tuarascáil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána atá le leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas mar a cheanglaítear le hAlt 80 d'Acht an Gharda Síochána 2005, a chur chugat.

Faoi láthair, tá an Coimisiún ag earcú agus ag ionduchtú foirne, ag cur bailchríoch ar nósanna imeachta, ag ullmhú chun a oifigí buana a áitiú agus ag díriú ar dháta tosaigh oibríochtaí. Tá cláir oiliúna idir lámha agus tá trealamh ar a n-áirítear teicneolaíocht faisnéise á sholáthar. Tá súil go mbeifear i mbun oibríochtaí ar 9 Bealtaine na bliana seo.

Cuid mhaith de na hoibríochtaí atá i gceist le linn comhlacht den sórt seo a bhunú glacann siad, uathu féin, méid áirithe ama chun críoch a chur leo. Is ceart suntas a thabhairt dó gur theastaigh timpeall bliana ó Ombudsman Póilíní Thuaisceart Éireann agus ón gCoimisiún Neamhspleách do Ghearáin i gcoinne Póilíní i Sasana agus sa Bhreatain Bheag araon chun dul i mbun oibríochtaí go hiomlán.

Is mian leis na Coimisinéirí an tacaíocht, an comhoibriú, an díograis agus an phráinn ar thaobh a lán daoine agus comhlachtaí ar fud na seirbhíse poiblí a chabhraigh linn an staid reatha a bhaint amach a aithint. Dar linn nach mór a rá, áfach, go ndéanfaí dul chun cinn i bhfad níos tapa dá mbeadh an dearcadh sin le brath i gcaitheamh na faide.

Creidimid go gcomhlíonfaidh an eagraíocht, na struchtúir agus an pearsanra atá á gcur ar fáil anois na cuspóirí atá leagtha amach san Acht, córas éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom a sholáthar chun déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de na gardaí agus muinín a chothú sa chóras sin.

Creidimid thairis sin gur féidir leis an Stát seo ardchaighdeán a leagan síos ó thaobh cuntasachta agus maoirseachta póilíneachta sibhialta de, má leantar de bheith ag cloí leis na prionsabail agus na moltaí atá sa tuarascáil ón gcoiste comhairleach faoi chur i ngníomh faoi cheannas an tSeanadóra Muiris Ó hAodha.

Is sinn le meas

An Breitheamh Kevin Haugh, Cathaoirleach | Conor Brady, Coimisinéir | Carmel Foley, Coimisinéir

Fiosrúchán Neamhspleáchas Neamhchlaontacht
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána,
31-35 Sráid na mBóic,
Baile Átha Cliath 7.

## CLÁR


Achoimre Fheidhmitheach . . . 5
Cróineolaíocht . . . 9
Liosta Giorrúchán . . . 10

**1 Coimisinéirí a Cheapadh . . . 11**
1.1 An Cúlra . . . 11
1.2 Ceapadh . . . 11

**2. Foireann Idirthréimhseach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána . . . 12**
2.1 Foirmiú agus Tasc . . . 12
2.2 A Bhfuil Curtha i gCrích . . . 12
2.3 An Staid Reatha . . . 13

**3. Cuspóirí agus Misean . . . 14**
3.1 Leagtar síos dhá chuspóir don GSOC in Acht an Gharda Síochána 2005 . . . 14
3.2 Líon na nGearán . . . 14
3.3 Cuspóir 1: Conas a Imscrúdófar Gearáin . . . 15
3.3.1 Inrochtain ag an bPobal . . . 15
3.3.2 Réiteach Neamhfhoirmiúil . . . 15
3.3.3 Maoirsiú ar Imscrúduithe a Dhéanann Gardaí . . . 15
3.3.4 Imscrúduithe ag GSOC . . . 16
3.4 Cuspóir 2: Muinín an Phobail a Chur chun Cinn . . . 16

**4. Leasuithe ar an Acht . . . 17**

**5. Comparáidí Idirnáisiúnta . . . 18**

**6. Struchtúr agus Earcaíocht . . . 19**
6.1 Foireann Shinsearach . . . 19
6.2 Struchtúr Rannógach . . . 20
6.3 Imscrúdaitheoirí . . . 21
6.4 Cásoifigigh . . . 22
6.5 Gardaí ar iasacht don GSOC . . . 22
6.6 Cumarsáid agus Taighde . . . 22
6.7 Gnóthaí Dlíthiúla . . . 23
6.8 Foireann Riaracháin . . . 23

CLÁR

**7. Oiliúnt** ....................24

**8. Comhairliúchán, Prótacail agus Meabhrán Comhaontaithe** ....................25
8.1 Grúpa Comhairleach ....................25
8.2 Comhairliúchán ....................26
8.3 Prótacail agus Meabhrán Comhaontaithe ....................27

**9. Bonneagar** ....................28
9.1 Áitreabh ....................28
9.2 Teicneolaíocht Faisnéise ....................28

**10. Airgeadas** ....................29
10.1 2006 ....................29
10.2 2007 ....................30

**11. Coimisinéirí agus an Fhoireann Bhainisteoirí Shinsearach** ....................31

# ACHOIMRE FHEIDHMITHEACH

Is í seo an chéad tuarascáil bhliantúil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (an Coimisiún). Cheap Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa an Coimisiún i Mí na Feabhra 2006 tar éis an Breitheamh Kevin Haugh, Conor Brady agus Carmel Foley a bheith ainmnithe ag an Oireachtas de bharr théarmaí Acht an Gharda Síochána 2005. Tá mar mhisean aige maoirseacht shibhialtach ar phóilíneacht a chur ar fáil i bPoblacht na hÉireann, go háirithe trí ghearáin i gcoinne comhaltaí den Gharda Síochána a láimhseáil. Coiste a raibh an Seanadóir Muiris Ó hAodha i gceannas air a tharraing aníos an t-imphlean dá bhunú agus ghlac an Rialtas le moltaí an choiste sin i nDeireadh Fómhair 2005.

Leagtar síos dhá chuspóir an Choimisiúin in Acht an Gharda Síochána 2005. Cuspóir amháin córas atá éifeachtach, éifeachtúil cothrom do gach duine lena mbaineann a bhunú chun gearáin i gcoinne Gardaí a imscrúdú.  An ceann eile ná muinín sa chóras sin a chur chun cinn. Mar aon le gearáin a fháil, tá cumhacht ag an gCoimisiún gníomhú, i gcás go measann sé gur le leas an phobail é sin a dhéanamh nó mar fhreagra ar iarraidh ón Aire go bhfeidhmeodh sé, fiú nuair nach ndearnadh aon ghearán. Tá cumhachtaí aige atá comhchosúil le cumhachtaí na nGardaí, mar shampla cumhacht cuardaigh agus gabhála in imthosca áirithe.

Tá an Coimisiún ag dúil leis go bhfaighidh sé idir ceithre mhíle agus cúig mhíle gearán in aghaidh na bliana. Bheadh sé sin ar aon dul le staitisticí ó Shasana agus an Bhreatain Bheag agus ó Thuaisceart Éireann. Is féidir le daoine rochtain a bheith acu ar an bpróiseas gearáin ar shlite éagsúla, ar a n-áirítear saoráidí "siúil isteach" in oifigí an Choimisiúin i Sráid na Mainistreach, Baile Átha Cliath 1 agus pleananna do shocruithe comhchosúla i Ros Cré agus sa Longfort. Braitheann sé ar ábhar an ghearáin, cé acu is é an Coimisiún é féin, nó an Garda Síochána nó an Garda Síochána faoi mhaoirsiú an Choimisiúin a imscrúdóidh gearán atá inghlactha. Ceadaítear réiteach neamhfhoirmiúil agus idirghabháil leis an Acht freisin. Ceaptar gur cuí é sin i gcásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach sin. Féadfaidh rannpháirtithe i bpróiseas den sórt sin éirí as tráth ar bith agus imscrúdú níos foirmiúla a lorg. Tá an Coimisiún dóchasach, áfach, go n-éireoidh leis an bpróiseas seo agus tá cuid mhaith ama agus fuinnimh caite aige ag tarraingt aníos comhaontuithe leis an nGarda Síochána faoi conas a d'fheidhmeodh sé i gcleachtas. Tá foireann á soláthar ag an gCoimisiún le haghaidh urscaoileadh an dualgais atá orthu muinín a chur chun cinn i measc an phobail. Tá beartaithe acu áis taighde agus leabharlainne a bhunú mar chuid den Chroí-Fhoireann Taighde agus Cumarsáide.

Nuair a bhí sé ag tabhairt faoi struchtúr don eagraíocht a cheapadh, lorg na Coimisinéirí comhairle, agus cuireadh í ar fail, ó dhaoine atá ag gabháil do mhaoirseacht póilíneachta i ndlínsí eile. D'fhreastail na Coimisinéirí ar roinnt tionól idirnáisiúnta, agus chomh maith leis sin thaistil siad go dtí Oifig Ombudsman Póilíní Thuaisceart Éireann agus go dtí an Coimisiún Neamhspleách do Ghearáin in aghaidh Póilíní do Shasana agus an Bhreatain Bheag. Is mian leis na Coimisinéirí an cúnamh a fuair siad ó gach comhlacht díobh sin a aithint go poiblí.



Rinne na Coimisinéirí dhá mhór-rannán a phleanáil agus a chur ar bun taobh istigh den eagraíocht. Déanfaidh an Rannán Riaracháin bainistiú ar Acmhainní Daonna, Cás-obair, TF, Seirbhísí Corparáideacha, Cumarsáid agus Taighde agus Seirbhísí dlí. Déanfaidh an Rannán Imscrúduithe bainistiú ar cheithre fhoireann imscrúdaithe agus Aonad Faisnéise. Earcaíodh foireann shinsearach agus roinnt oifigeach croí-fhoirne chuig gach ceann de na rannáin sin ach amháin TF atá foinsithe allamuigh go dtí seo. Ní dócha in aon chor go mbeidh an riar iomlán foirne ag an gCoimisiún ar an lá a mbeartaítear go gcuirfear tús lena oibríochtaí, an 9 Bealtaine 2007.

Tá earcaíocht ar siúl ar bhonn leanúnach i ngach ceann de rannáin an Choimisiúin i láthair na huaire. Ar an iomlán tá an líon foirne atá ceadaithe faoi bhun an méid a lorgaíodh. Lorg an Coimisiún céad agus beirt duine. Go dtí seo, tá comhaontaithe aon duine is ochtó a bheith ann. B'fhéidir go mbeidh gá le daoine a ath-leithroinnt as measc an lín laghdaithe chun aonad faisnéise a chur ar fáil.

Tá ar intinn ag na Coimisinéirí na leibhéil cheadaithe foirne a bheith bainte amach a luaithe is féidir. Bhí am le caitheamh chun an toiliú agus an t-údarás riachtanach a fháil. Creideann na Coimisinéirí go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach dlús a chur leis an bpróiseas chun go n-éireoidh leis an gCoimisiún a shainordú a chomhlíonadh.

Cuireadh tús le hoiliúint i Márta 2007. Dámhadh an conradh oiliúna ar Ollscoil Portsmouth a raibh taithí aici roimhe ag soláthar oiliúna do OPONI agus IPCC araon, agus a raibh comhpháirtíochtaí áitiúla curtha ar bun aici in Éirinn, ar a n-áirítear ceann le Scoil Dlí Chumann Onórach Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAlt 108 d'Acht an Gharda Síochána 2005 Prótacail scríofa a chomhaontú le Coimisinéir an Gharda Síochána i dtaobh ceithre réimse.

Is iad sin:

1. Saoráidí coinneála i Stáisiúin Gharda Síochána a bheith á n-úsáid ag an gCoimisiún.
2. Feidhm an Achta um Cheartas Coiriúil 1984 (An Bhail a chuirfear ar Dhaoine i gCoimeád)
3. Imscrúduithe forluiteacha
4. Faisnéis a rannpháirtiú ar a n-áirítear fianaise i dtaobh cionta.

Bunaíodh Gasra Oibre chun an t-ábhar sin a phróiseáil agus tháinig siad ar an tuairim go mbeadh tairbhe le meabhrán tuisceana ar nithe éagsúla. Cuireadh na Prótacail agus an meabhrán Tuisceana faoi bhráid Choimisinéir an Gharda agus táthar ag fanacht lena fhreagra agus é seo á scríobh.

Chuaigh an Coimisiún i mbun comhcomhairle faoi roinnt saincheisteanna le réimse leathan de pháirtithe leasmhara. Ba mhaith leis na Coimisinéirí buíochas a ghabháil leo sin go léir a ghlac páirt sa phróiseas comhcomhairle.

Sa chéad ráithe de 2006, cuireadh foireann ochtar ar iasacht go mór mór ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun cuidiú le eagraíocht a chur ar bun a bheadh in ann dualgais an Choimisiúin a urscaoileadh. Chuidigh an fhoireann seo a bhí ag feidhmiú i gcóiríocht shealadach i Lána na mBóic, Baile Átha Cliath 7, leis na Coimisinéirí an eagraíocht nua a bhunú agus straitéisí agus cásanna gnó le haghaidh foireannú, áitreabh agus Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a fhorbairt, ceaduithe riachtanacha a chaibidlí agus pleananna forghníomhúcháin a fhorbairt agus aidhm acu chun tús an Choimisiúin a réiteach. Tá na Coimisinéirí buíoch as an gcúnamh fiúntach sin.

Tá oifigí faighte ar léas ag 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath, 1 tar éis próisis fhada. Tá obair ar siúl chun cóir oiriúnach a chur uirthi do riachtanais an Choimisiúin agus beartaítear seilbh a ghlacadh ar an bhfoirgneamh in Aibreán 2007. Dámhadh conradh ar Eircom chun bonneagar TFC, córas ríomhaire deisce agus córas teileafóin a shuiteáil.

Ós rud é gur céim ullmhúcháin an Choimisiúin a bhí ann in 2006 agus ag deireadh na bliana sin a chuaigh foireann an Choimisiúin i mbun oibre bhí an caiteachas €1.077 milliún i bhfad níos lú ná an Meastachán. Ina theannta sin, mhair caibidlí faoi léasú Phríomhoifig an Choimisiúin níos faide ná a ceapadh agus dá thoradh sin níor tabhaíodh aon chostais i 2006 a bhaineann leis an léas agus feistiú, slándáil, troscán agus trealamh. €17.027 milliún an soláthar do Choimisiún an Ombudsman i Meastacháin athbhreithnithe 2007. Áirítear ansin meastachán €6.284 mhilliún le haghaidh costas a bhaineann le fáil agus feistiú Phríomhoifig an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath.





Coimisinéirí An Garda Síochána Ombudsman  Conor Brady, Carmel Foley, An Breitheamh Kevin Haugh (Cathaoirleach), Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, An Taoiseach, Bertie Ahern TD, An tUas. Micheál Mac Dubhghaill AS, An Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

| 2005-2006 | |
|---|---|
| Deireadh Fómhair 2005 | Shínigh Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa an Acht Gharda Síochána 2005 ina dhlí |
| Samhain 2005 | Foilsíodh Tuarascáil an Choiste Forghníomhúcháin, faoi cheannas an tSeanadóra Muiris Ó hAodha |
| Eanáir 2006 | D'ainmnigh an rialtas na Coimisinéirí agus d'fhormhuinigh an tOireachtas iad |
| February 2006 | Cheap Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa na Coimisinéirí |
| Eanáir 2006 | Cuireadh foireann idirthréimhseach de státseirbhísigh ar bun ag oifigí sealadacha i Lána na mBóic, Baile Átha Cliath 7 |
| Márta 2006 | Thug na Coimisinéirí cuairteanna eolais agus an rúnaíocht ar institiúidí iomchuí ar a n-áirítear an tOmbudsman Póilíní do Thuaisceart Éireann (Béal Feirste), ar an gCoimisiún Neamhspleách do Ghearáin in aghaidh Póilíní do Shasana agus an Bhreatain Bheag |
| Márta 2006 | Tús le caibidlí le hOifig na nOibreacha Poiblí faoi áitreabh d'fhoireann an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath a roghnú |
| Aibreán 2006 | Lorg na Coimisinéirí ceadú agus toiliú ó Ranna iomchuí don struchtúr foirne beartaithe |
| Meitheamh 2006 | Bunaíodh Gasra Comhchomhairle |
| Meitheamh 2006 | Foilsíodh fográin do phost an phríomhfheidhmeannaigh |
| Meitheamh 2006 | D'aimsigh na Coimisinéirí áitreabh oiriúnach le haghaidh oifigí Bhaile Átha Cliath ag 150, Sr na Mainistreach Uachtarach, B.Á.C. 1 |
| Lúnasa 2006 | Foilsíodh fográin d'fhoireann imscrúdúchán |
| Meán Fómhair 2006 | Agallaimh/roghnú le haghaidh Stiúrthóra Imscrúdúchán |
| Deireadh Fómhair 2006 | Cuireadh na Coimisinéirí ar an eolas faoi thuarascáil ó Oifig na nOibreacha Poiblí faoi obair dheisiúcháin ar na hoifigí ag 150, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 |

| 2006-2007 | |
|---|---|
| Samhain/ Nollaig 2006 | Agallaimh/roghnú le haghaidh Stiúrthóra Riaracháin |
| Samhain 2006 | Síníodh léas do 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach<br>Agallaimh/roghnú le haghaidh foirne tacaíochta |
| Nollaig 2006 | Agallaimh/roghnú le haghaidh foirne imscrúdúcháin |
| Eanáir 2007 | Agallaimh/roghnú le haghaidh cás-oifigeach |
| Feabhra 2007 | Oifigí ag 150 Sráid na Mainistreach a fheistiú<br>Aithníodh agus ordaíodh Trealamh oibríochta |
| Márta 2007 | Tús le hoiliúint imscrúdaitheoirí agus cás-oifigeach |
| Aibreán 2007 | Beartaítear 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, B.Á.C. 1 a áitiú |
| Bealtaine 2007 | Beartaítear go dtosóidh an Coimisiún ag oibriú |

**Liosta giorrúchán**

**GS** ........ An Garda Síochána

**GSOC** ........ Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána


**OPONI** ........ Oifig Ombudsman Póilíneachta Thuaisceart Éireann

**IPCC** ........ Independent Police Complaints Commission for England and Wales

**DJELR** ........ An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

**An tAcht** ........ Acht an Gharda Síochána 2005

**PAS** ........ An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí





### 1.1 An Cúlra

Coiste faoi cheannas an tSeanadóra Muiris Ó hAodha a tharraing aníos an t-imphlean chun Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána(GSOC) a bhunú. Iar-ombudsman de chuid Thuaisceart Éireann is ea an Seanadóir Ó hAodha agus bhí sé ina chomhalta de Choimisiún Patten ar phóilíneacht i dTuaisceart Éireann. Dúirt an Rialtas i nDeireadh Fómhair 2005 go raibh glactha acu leis na moltaí a chuir Coiste Uí Aodha chun cinn.

### 1.2 Ceapadh

Tháinig ann don Choimisiún faoi théarmaí Acht an Gharda Síochána 2005 a ndearna dlí de i mí Iúil 2005.

Déantar foráil le hAlt 63 d'Acht 2005 maidir le comhlacht a bhunú ar a dtabharfar Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána chun oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú sa phróiseas lena n-imscrúdaítear gearáin i gcoinne an Gharda Síochána. Beidh an GSOC in ionad an sásra láithrigh chun gearáin a imscrúdú –An Bord um Ghearáin I gcoinne an Gharda Síochána.

Cheap Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa na daoine seo a leanas mar Choimisiún nua Ombudsman an Gharda Síochána ar an 10 Feabhra 2006 tar éis don Rialtas iad a ainmniú agus don Dáil agus don Seanad iad a cheadú :

- An Breitheamh Kevin Haugh, Breitheamh den Ard-Chúirt
- Mr. Conor Brady, iar-Eagarthóir an Irish Times
- Ms. Carmel Foley, iar-Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí

Tá na Coimisinéirí, atá neamhspleách go hiomlán ina n-oibríochtaí faoi théarmaí an achta, ceaptha go ceann téarma sé bliana, agus is féidir iad a athcheapadh.

# FOIREANN IDIRTHRÉIMHSEACH CHOIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

Is mian leis an gCoimisiún obair dhícheallach agus díograis a fhoirne idirthréimhsí, faoi cheannas Thomáis Mhig Uidhir Uas, iar-Leaschoimisinéir in Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a aithint.

## 2.1 Foirmiú agus Tasc

Foirmíodh an Fhoireann Idirthréimhseach ar a raibh foireann lánaimseartha ochtar idir Eanáir agus Márta 2006. Bhí an fhoireann sin ar iasacht go mór mór ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Ba é tasc na foirne idirthréimhsí cuidiú leis na Coimisinéirí an eagraíocht nua seo a chur ar bun agus straitéisí agus cásanna gnó a fhorbairt le haghaidh foireannú, áitreabh agus Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) , ceaduithe riachtanacha a chaibidlí agus pleananna forghníomhúcháin a fhorbairt d'fhonn an Coimisiún a réiteach chun dul i mbun oibre. D'fhostaigh an Fhoireann Idirthréimhseach Sainchomhairleoir Acmhainní Daonna, Bainisteoir Togra TF, Comhairleoir/Sainchomhairleoir Sinsearach Garda agus clárbhainisteoir mar thacaíocht chun cabrú leis an gClár a chur i ngníomh.

## 2.2 A bhfuil curtha i gcrích

Bhí an fhoireann idirthréimhseach freagrach as an gclár oibre seo a leanas:

- Cóiríocht shealadach a aimsiú do na Coimisinéirí agus don fhoireann idirthréimhseach i Lána na mBóic, agus ina dhiaidh sin, cóiríocht shealadach eile a fháil don chéad chuid d'fhoireann an Choimisiúin ag Ionad Irish Life, go dtí go mbeidh an Phríomhoifig bhuan ar fáil

- Straitéis agus mionphlean foriomlán a fhorbairt don Coimisiún agus aidhm léi go mbeifí in ann dul i mbun oibre chomh luath agus is féidir in 2007

- Foirgneamh oiriúnach a aithint i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath lena úsáid mar Phríomhoifig, an léas a chaibidlí agus feistiú inmheánach agus slándáil a shocrú, ina raibh an obair tógála inmheánach go léir, sreangú agus troscánú ar áireamh.

- Gnó-chás a fhorbairt le haghaidh Bonneagair FTC, córas ríomhaire deisce agus córas Teileafóin ar a n-áirítear Glao-Ionad don Phríomhoifig agus iad a sholáthar agus a sheachadadh



- Gnó-chás a fhorbairt le haghaidh sraith d'Fheidhmeanna Gnó chun tacú le Gnó an Choimisiúin ar a n-áirítear réiteach Bainistithe Cásanna a fhorbairt agus iad a sholáthar agus a sheachadadh
- Ceadú a fháil le haghaidh foireann 81 duine ar dtús agus iad sin a earcú ag gach leibhéal sna réimsí seo a leanas, Cás-Oifigigh, Imscrúdaitheoirí, Foireann Dlí, Cumarsáid, AD, TF agus seirbhísí Corparáideacha
- Riachtanais oiliúna a aithint le haghaidh na foirne go léir agus Soláthraí Oiliúna a aimsiú le haghaidh oiliúna thar a bheith sainiúil d'Imscrúdaitheoirí agus Cás-Oifigigh
- Na próisis ghnó inmheánacha i ndáil le Gearáin a Laimhseáil/ Imscrúduithe/Idirghabháil a dhoiciméadú
- Feidhm Seirbhísí Corparáideacha /Bainistíochta a bhunú ar a n-áireofar Bainistiú Airgeadais, Bainistiú AD, díoltóirí tríú páirtí a Bhainistiú
- Obair ullmhúcháin a bhaineann le hoifigí réigiúnacha a chur ar bun i Ros Cré agus an Longfort.

D'fhorbair an fhoireann clár-phlean ina raibh san áireamh na saincheisteanna agus priacail ghaolmahra a aithint agus straitéisí maolaithe.

### 2.3 An Staid Reatha

Tráth scríofa na Tuarascála seo, tá feistiú na Príomhoifige le bheith críochnaithe ag deireadh Mhárta agus tá críoch le cur ar shuiteáil bonneagair TFC go déanach i mí Aibreán 2007. Tá 44 dhuine ceaptha ar fhoireann an Choimisiúin (amhail an 5 Márta 2007) agus tá an Fhoireann ag obair leis na baill foirne sin chun tús oibríochtaí a chur i gcrích i mBealtaine 2007.

# OBJECTIVES AND MISSION

### 3.1 The Garda Síochána Act 2005

Leagtar síos dhá chuspóir don GSOC in Acht an Gharda Síochána 2005. An chéad chuspóir: córas éifeachtach éifeachtúil agus cothrom do gach duine lena mbaineann a chur ar bun chun gearáin i gcoinne Gardaí; An dara cuspóir: ná muinín sa chóras sin a chur chun cinn.

Ceanglófar ar Choimisiún an Ombudsman agus beidh cumhacht acu, faoin Acht sin:

- Gearáin ón bpobal i gcoinne comhaltaí den Gharda Síochána a imscrúdú go díreach agus go neamhspleách;

- Aon ní a imscrúdú, fiú nuair nach ndearnadh aon ghearán, ach i gcás gur dealraitheach don Choimisinéir gur le leas an phobail déanamh amhlaidh, i gcás gur dealraitheach go bhféadfaí go ndearna Garda cion coiriúil nó gur iompair Garda é féin nó í féin ar shlí gur chóir imeachtaí araíonachta a bheith ann;

- Aon chleachtas, beartas nó nós imeachta de chuid an gharda Síochána a imscrúdú nuair a iarrfaidh an tAire orthu é, agus sin b'fhéidir mar fhreagra ar mholadh ón gCoimisiún, ionas d'fhonn an líon gearán gaolmhar a laghdú.

### 3.2 Líon na nGearán

Ní féidir leis an gCoimisiún aon mheastachán cruinn a dhéanamh faoi láthair faoi líon na ngearán is dócha a thaifeadfar an uair a thosaíonn sé ag feidhmiú. Cheapfaí mar gheall ar chomparáid le dlínsí in aice láimhe agus más fíor atá á rá sa tír seo gur chóir don Choimisiún a bheith ullamh chun Freagairt ar líon is mó ná an líon 1,350 gearán in aghaidh na bliana, a thaifeadann Bord Gearán an Gharda Síochána faoi láthair.

Dá mbeadh an líon gearán i gcoinne Gardaí ar comhréir le gearáin a dhéantar i gcoinne oifigeach póilín i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i d'Tuaisceart na hÉireann, bheadh an Coimisiún ag dúil go bhfaighfí idir 4,000 agus 5,000 gearán in aghaidh na bliana.

Ní bheadh siad sin go léir inghlactha. Ní inghlactha tuairim is 25-30% de na gearáin i ndlínsí comharsanacha.

### 3.3 Cuspóir 1: Conas a Imscrúdófar Gearáin

#### 3.3.1 Inrochtain ag an bpobal

Nuair a ceapadh iad, d'aontaigh an Coimisinéirí gur cóir an aidhm a bheith ag an eagraíocht a bheith chomh fíor-neamhspleách agus chomh fíor-trédhearcach agus is féidir, fhad is atá sin ag teacht leis na cuspóirí atá luaite.

Bhí rogha le déanamh ag na Coimisinéirí idir córas 'siúil isteach' a bhunú chun gearáin a dhéanamh (mar atá ann i dTuaisceart Éireann) agus córas faoi nach ndéileálann an fhoireann imscrúdúchán agus fiosrúchán go díreach le gearánaigh san oifig (mar a tharlaíonn i Sasana agus sa Bhreatain Bheag).



Chinn na Coimisinéirí gur córas 'siúil isteach' a bheidh á fheidhmiú ag an GSOC ag a oifig i mBaile Átha Cliath agus san oifig bheartaithe i Ros Cré, Co Thiobraid Árann.

Beidh rochtain ag an bpobal ar an GSOC le litir, ríomhphost, teileafón, facs, ar líne, trí aon Stáisiún Garda, trí Phríomhcheannfort nó trí oifigeach Garda Síochána is airde céim in áit seachas Stáisiún Garda.

#### 3.3.2 Réiteach Neamhfhoirmiúil

Tá ard-tosaíocht tugtha ag an gCoimisiún d'fhorbairt samhala chun gearáin a réiteach ag an leibhéal áitiúil nó idirghabháil a dhéanamh ina dtaobh, mar a fhoráiltear in Alt 90 den Acht.
Tá súil go mbainfear an úsáid is mó is féidir as na treoirlínte atá le heisiúint ag an gCoimisiún, lena ndéantar socrú i ndáil leis an tsamhail sin a oibriú.

Más mar sin a bheidh, creideann an Coimisiún go réiteofar a lán gearán gan gá a bheith le himscrúdú níos foirmiúla.

#### 3.3.3 Maoirsiú ar imscrúduithe a dhéanann Gardaí

Déantar foráil le hAlt 94 den Acht go n-imscrúdóidh na Gardaí gearáin áirithe, bíodh an Coimisiún ag déanamh maoirseachta orthu nó ná bíodh. Dar leis na Coimisinéirí go mbainfear leas as an bpróiseas sin. Fiú dá leanfadh an líon gearán inghlactha I gcoinne Gardaí de bheith thart faoin líon a thaifeadtar faoi láthair, is léir nach dtiocfadh leis an GSOC iad sin go léir a imscrúdú go hiomlán gan aige ach an leibhéal foireannú atá údaraithe faoi láthair. Fiú má dhéantar méadú ar líon na foirne, is dóigh leis na Coimisinéirí go leanfar den phróiseas seo a úsáid.

### 3.3.4 Imscrúduithe ag GSOC

Nuair a théann sé i mbun oibríochtaí, níl aon amhras ar an gCoimisiún ná go mbeidh gá aige lena líon iomlán d'fhoireann imscrúdaithe agus roinnt daoine ar iasacht ón nGarda Síochána, de réir mar a iarrfar, chun imscrúduithe a dhéanamh i dtaobh cionta tromaí líomhnaithe, mar a fhoráiltear le hAlt 98 den Acht. D'áireofaí sa mhéid sin aon chás ina líomhnaítear gur tharla bás nó go ndearnadh díobháil thromaí de thoradh gníomhartha de chuid Garda.

Is dóigh leis an gCoimisiún go bhfuil gá le ceithre fhoireann imscrúdaithe agus le haonad faisnéise. Thoiligh an Roinn Airgeadais go dtí seo le leibhéal foirne ar leor é do dhá fhoireann imscrúdaithe agus aonad faisnéise.

Dá dtarlódh go mbeadh cásanna iolracha den sórt dá bhforáiltear le hAlt 98 den Acht os a chomhair i gcomhthráth, áfach, ní bheadh acmhainní dóthanacha dá chuid féin ag an gCoimisiún chun freastal dá oibleagáidí. Bheadh iallach ar an gCoimisiún, in imthosca den chineál sin, cúnamh speisialta a lorg mar a fhoráiltear le hAlt 74 den Acht.

## 3.4 Cuspóir 2: Muinín an Phobail a Chur chun Cinn

Is é tuairim na gCoimisinéirí go mbeidh ionchur gníomhach leanúnach agus soláthar iomchuí acmhainní ag teastáil chun a sheirbhísí a fhoilsiú, feasacht i dtaobh na seirbhísí sin a mhéadú agus muinín as an gcóras gearán a chur chun cinn.


Tá rannán Cumarsáide agus Taighde curtha ar bun taobh istigh de GSOC chun seirbhís den scoth a sholáthar go hinmheánach agus go seachtrach. Tá dhá chuspóir mar chroí-phrionsabail ag an rannán, arb iad cuidiú le córas cothrom gearán a sholáthar agus muinín as an gcóras sin a chur chun cinn. Beidh sé ag iarraidh a chinntiú, maidir leis an ngné inmheánach, go mbeidh bealaí cumarsáide ann, agus go mbeidh ábhar na cumarsáide, de shórt a chuirfidh éifeachtúlacht agus comhréir agus seirbhís fheabhsaithe don phobal chun cinn. Beidh sé ag iarraidh, maidir leis an ngné sheachtrach, an pobal a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí GSOC agus dul i gcomhairle leis an bpobal d'fhonn seirbhís GSOC a fheabhsú. Cuirfidh sé eolas ar fáil más cuí, agus aird chuí agus urraim chuí a bheith á dtabhairt ar chearta daonna agus ceannasacht an dlí.

# LEASUITHE AR AN ACHT



Chinn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, tar éis idirphlé le páirtithe leasmhara ar a n-áirítear na Coimisinéirí, roinnt leasuithe a chorprú d'Acht an Gharda Síochána 2005, isteach i reachtaíocht a bhí le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais go luath in 2007. Tá an próiseas sin ar siúl fós agus é seo á scríobh.

# COMPARÁIDÍ IDIRNÁISIÚNTA



Tar éis a gceaptha i mí Feabhra 2006, chuir na Coimisinéirí tús le clár de chruinnithe agus cuairteanna aimsithe fíoras le comhlachtaí inchomparáide i ndlínse eile. Ba é an aidhm ná foghlaim óna gcuid taithí agus breathnú ar céard a b'fhiú a chur in oiriúint óna gcuid eiseamláirí oibríochtúla.

Ba mhaith leis na Coimisinéirí a mbuíochas a chur in iúl go háirithe don Ombudsman Póilíní do Thuaisceart Éireann, Nuala Bean O'Loan, agus a foireann as a gcuid ama agus eolais a roinnt go flaithiúil. Ar an gcaoi chéanna, thug an tUasal Nick Hardwick, Cathaoirleach an Independent Police Complaints Commission i Londain, agus a fhoireann comhoibriú agus cúnamh fial do na Coimisinéirí.

Ina dhiaidh sin, thug baill an Choimisiúin cuairt ar Cheanada agus na Stáit Aontaithe chun bualadh le daoine sinsearacha ansin a raibh baint acu le maoirseacht shibhialta fhorghníomhú an dlí agus chun leas a bhaint as a dtaithí siúd. Rinne Coimisinéir amháin freastal ar chomhdháil Chomhpháirtithe an Aontais Eorpaigh in Aghaidh Éillithe i mBudapest i mí na Samhna chun bualadh le pearsanra eile maoirseachta póilíní AE agus chun dearcaí a mhalartú.

Níor lean an Coimisiún eiseamláir amháin ar bith agus an COGS á struchtúrú acu. Ina ionad sin, bhain sé leas as scothchleachtais thar na dlínsí éagsúla agus chuir in oiriúint iad do riachtanais na hÉireann.

5

Tá earcaíocht ar siúl i gcónaí thar gach rannóg den COGS agus é seo á scríobh.

I dtéarmaí foriomlána, tá an fhoireann cheadaithe ag leibhéal atá níos lú ná í siúd a iarradh. D'iarr na Coimisinéirí céad agus beirt duine. Go dtí seo, tá comhaontu ann do ochtó is duine. B'fhéidir go mba ghá ath-leithdháileadh a dhéanamh ón líon laghdaithe chun aonad faisnéise agus TF a chur ar fáil.

Tá sé ar intinn ag na Coimisinéirí na leibhéil fhoirne atá ceadaithe a bhaint amach chomh luath agus is féidir. Creideann na Coimisinéirí go mbaineann ríthabhacht le dlús a chur leis an bpróiseas seo chun sainordú an COGS a chomhlíonadh go rathúil.

### 6.1 Foireann Shinsearach

Le cinntiú go mbeadh na leibhéil iomchuí neamhspleáchais ina chuid imscrúduithe, chinn an Coimisiún go mbeadh an fheidhm imscrúdaitheach agus an fheidhm riaracháin den eagraíocht deighilte. Dá bhrí sin, socraíodh ar Stiúrthóir Imscrúduithe agus Stiúrthóir Riaracháin a cheapadh. Déanfaidh siad tuairisciú ar leithligh do na Coimisinéirí. Socraíodh go gcaithfeadh taithí chruthaithe i mbainistíocht imscrúduithe i bhfórsa seachas an Garda Síochána a bheith mar choinníoll le haghaidh ceapachán mar Stiúrthóir Imscrúduithe.


Is é Stiúrthóir Imscrúduithe an Choimisiúin ná an tUasal Paul Buschini, iaroifigeach sinsearach póilíní ó Lancashire. Bhí an tUasal Buschini ina cheannfort bleachtaire agus tá taithí leitheadach aige in imscrúdú coireachta tromchúisí. Bhí sé fostaithe tráth sa Lancashire Constabulary Professional Standards Department agus bhí sé i gceannas ar imscrúduithe a bhain le básanna le linn coinneála ar son an Independent Police Complaints Commission do Shasana agus an Bhreatain Bheag.

Is é an tUasal Anthony Duggan Stiúrthóir Riaracháin an Choimisiúin. Bhí sé ag obair le Custam agus Mál ó 1979 go 2000 agus leis na Coimisinéirí Ioncaim ó 2000 go 2004 agus raon de phoist shinsearacha imscrúdaitheacha agus riaracháin aige. Ceapadh ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Gearán an Gharda Síochána in 2004, áit a bfuil maoirseacht á déanamh aige ar na hullmhúchain le haghaidh aistriú údaráis do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

## 6.2 Struchtúr Rannógach

Tá an struchtúr rannógach, faoi mar a b'fhacthas don Choimisiún é agus mar a d'iarr sé léirithe thíos. Agus é seo á scríobh, tá roinnt post nach bhfuil líonta, ar a n-áirítear dhá fhoireann imscrúdaithe, ar feitheamh le cead ón Roinn Airgeadais.

STRUCTÚR RANNÓGACH



## 6.3 Imscrúdaitheoirí

Tá sé beartaithe ceithre fhoireann imscrúdaitheoirí a fheidhmiú. Cuimseoidh gach foireann 8 – 12 oifigeach imscrúdaithe. Feidhmeoidh trí fhoireann i mBaile Átha Cliath agus ceann amháin i Ros Cré.

Tá sé beartaithe Aonad Faisnéise a chur le chéile freisin. Táthar ag súil go bhfaighfear cead ón Roinn Airgeadais chun an earcaíocht is gá a cheadú.

Glacadh cinneadh go ndéanfaí gach post imscrúdaithe a fhógairt laistigh d'Éirinn agus thar lear araon. Is é is aidhm leis sin ná meascán de thaithí ghairmiúil a fháil ó dhlínsí eile Dlí Choitinn.

Is den tábhacht a thabhairt faoi deara go bhfuil baill foirne do thrí fhoireann earcaithe ag an bpointe seo. Fuarthas comhaontú intuigthe le haghaidh cur ar bun Aonaid Fhaisnéise le linn plé leis an Roinn Airgeadais. Is é atá ar intinn ag na Coimisinéirí anois ná pleanáil a chur chun cinn ina leith seo. Gan chead foirmiúil na Roinne Airgeadais maidir le hearcú na foirne is gá don Aonad Faisnéise, d'fhéadfadh bunú an Aonaid sin cur isteach oibríochtúil a dhéanamh ar na foirne imscrúdaithe atá ann cheana féin.

Is é an tUasal Ray Leonard an Leas-Stiúrthóir Imscrúduithe. Bhí an tUasal Leonard ina bhainisteoir ar an Rannóg Cairtéil den Údarás Iomaíochta.

Earcaíodh baill foirne imscrúdaithe do thrí ghrád: Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe (OSI); Oifigeach Imscrúdaithe (OI); agus Leas-Oifigeach Imscrúdaithe (LOI).

Ar na baill foirne atá earcaithe go dtí seo tá pearsanra a bhfuil taithí acu, leis na scileanna agus an inniúlacht ábhartha, as an RA, an Astráil, an Nua-Shéalainn, an Afraic Theas, Malta, chomh maith le hiarGhardaí agus pearsanra ó chomhlachtaí maoirseoireachta/forghníomhaithe laistigh den dlínse seo.

Tugann próifíl na foirne imscrúdaithe a ceapadh tríd an bpróiseas seo d'agallamh iomaíoch meascán maith don Choimisiúin de shaineolas Éireannach (Tuaisceart Éireann san áireamh) chomh maith le saineolas ó thar lear. Tá roinnt iasachtaí ón nGarda Síochána faoi bhreithniú freisin agus cur síos déanta orthu in alt 6.5.

### 6.4 Cásoifigigh

Tá thart ar 20 Cásoifigeach á n-earcú ó áiteanna eile sa tSeirbhís Phoiblí. Glacfaidh Cásoifigigh le gearáin agus déanfaidh siad breithniú maidir le cé acu an bhfuil siad inghlactha. Má tá gearáin inghlactha, déanfaidh cásoifigigh tuilleadh breithnithe féachaint an bhfuil siad oiriúnach le go bhféadfaí iad a réiteach trí eadráin nó réiteach neamhfhoirmiúil, de réir mar a fhoráiltear san Acht.

Ansin déanfaidh siad an chéad mheasúnú maidir le cé acu ba cheart d'fhoireann imscrúdaithe an Choimisiúin cásanna a imscrúdú nó iad a chur le haghaidh imscrúdaithe ag an nGarda Síochána, le nó gan mhaoirseacht ón gCoimisiún.



### 6.5 Gardaí ar Iasacht don COGS

Forálann Alt 74 gur féidir le Coimisinéir an Gharda Síochána baill an Gharda a ligean ar iasacht don COGS i dtosca áirithe.

Tá roinnt iasachtaí den chineál sin faoi bhreithniú agus é seo á scríobh.

### 6.6 Cumarsáid agus Taighde

Aithníonn na Coimisinéirí an gá atá le muinín an phobail a chur chun cinn. Is é dearcadh na gCoimisinéirí go bhfuil sé riachtanach go ndéanfaí gach dícheall a chinntiú go scaipfear spriocanna agus cuspóirí an COGS chomh leitheadach agus is féidir agus go dtarlóidh forbairt leanúnach ar fheasacht an phobail i leith fheidhmeanna agus ról na hoifige.

Is é an tUasal Kieran Fitzgerald, a bhí ina léiritheoir ag RTÉ, an ceann cumarsáide agus taighde. Tá leabharlannaí agus taighdeoir cuimsithe ag na Coimisinéiri sna socruthe soláthair foirne don aonad. Is é rún na gCoimisinéirí gur stór eolais a bheidh san aonad seo, é tógtha agus cothaithe le himeacht ama, a chuirfidh acmhainn ghníomhach foghlama ar fáil don eagraíocht.

### 6.7 Gnóthaí Dlíthiúla

Is é an tUasal Michael O'Neill an Ceann Gnóthaí Dlíthiúla don Choimisiún. Tháinig sé ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá beirt chúntóirí dlí ceaptha. Tá eolas leitheadach ag an mbeirt chúntóirí ar sheirbhísí poilíneachta trína dtaithí faoi seach i gcleachtadh dlí chóiriúil.

### 6.8 Foireann Riaracháin

Tá earcú ar siúl go leanúnach do na réimsí Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha. Tá earcú ar siúl tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP). Tá na Coimisinéirí dóchasach go mbeidh an líon iomchuí foirne próiseáilte ag an SCP faoin dáta tosaigh le haghaidh gearáin a ghlacadh agus oibríochtaí eile.



# OILIÚINT TM



Iarradh tairiscintí ó institiúidí tríú leibhéal agus áisínteachtaí eile le haghaidh oiliúint fhoireann COGS ar a n-áirítear Imscrúdaitheoirí agus Cásoifigigh. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, bronnadh conradh oiliúna ar Ollscoil Portsmouth.

Tá taithí cheana féin ag Ollscoil Portsmouth ar oiliúint a chur ar fáil do OPONI agus IPCC araon.

Rinne Ollscoil Portsmouth roinnt comhpháirtíochtaí áitiúla sa Stát seo chun a cuid scéimeanna oiliúna a ullmhú. Ba mhaith leis na Coimisinéirí buíochas ar leith a chur in iúl do Scoil Dlí Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath agus do Choláiste an Gharda Síochána ag Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.

Cuireadh tús leis an oiliúint i mí an Mhárta 2007 i mBaile Átha Cliath. Beidh oiliúint in-seirbhíse agus athnuachana mar ghné leanúnach d'obair an Choimisiúin.

### 8.1 Grúpa Comhairleach

Tar éis na chéad teagmhálacha le Coimisinéir an Gharda Síochána, cumainn fhoireann an Gharda Síochána agus páirtithe leasmhara eile, chinn na Coimisinéirí ar Ghrúpa Comhairleach a chur ar bun le cuidiú le bunú an chomhlachta nua.

Tháinig an Grúpa Comhairleach le chéile ag amanna rialta (go míosúil a bheag nó a mhór) agus tharla idirphlé maith mar thoradh air. Bhain na Coimisinéirí úsáid as an nGrúpa Comhairleach chun faisnéis a thabhairt do na páirtithe leasmhara maidir le dul chun cinn agus forbairtí, chun tuairimí a aimsiú agus comhairle a fháil.

Le hais an Choimisiúin, bhí siad seo a leanas páirteach nó bhí ionadaíocht acu sa Ghrúpa Comhairleach.

- Coimisinéir an Gharda Síochána
- Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann
- Dámh an Dlí, OÉ Gaillimh
- Cigireacht an Gharda Síochána
- An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Bord Gearán an Gharda Síóchána
- Cumann na bPríomhcheannfort
- Cumann na gCeannfort
- Cumann Sáirsintí agus Cigirí an Gharda Síochána
- Cumann Ionadaíoch na nGardaí

Ba mhaith leis na Coimisinéirí a mbuíochas a chur in iúl dóibh siúd go léir a bhí páirteach sa phróiseas seo agus a gcomaoin dóibh a admháil.

### 8.2 Comhairliúchán

Chomh maith leis sin, chuaigh na Coimisinéirí agus an Fhoireann Trasdula i gcomhairle nó bhuail siad leis na daoine aonair agus/nó na comhlachtaí seo a leanas:

- An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Rúnaí Ginearálta na Roinne DCCAD agus oifigigh eile
- Coimisinéir an Gharda Síochána agus Bainistíocht Shinsearach Garda
- Cumainn Fhoireann an Gharda Síochána
- Cigireacht an Gharda Síochána
- An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
- Bord Gearán an Gharda Síochána
- Seán Hurley Uasal (iar-phríomhfheidhmeannach, BGGS)
- Bainistíocht Acmhainní Daonna an Gharda Síochána
- Ombudsman Póilíní do Thuaisceart Éireann
- Independent Police Complaints Commission (Sasana & An Bhreatain Bheag)
- North American Association for Civil Oversight of Law Enforcement
- Canadian Association for Civil Oversight of Law Enforcement
- An Chomhpháirtíocht Eorpach in Aghaidh Éillithe
- Oifig an Ombudsman
- Ombudsman na bhFórsai Cosanta
- An Binse Fiosraithe Comhionannais
- Cumann Cearta Daonna na hÉireann
- Saotharlann Dlí-eolaíochta an Stáit
- Binse Fiosraithe Morris
- Comhdháil Bhliantúil Polasaí Fhianna Fáil
- Comhdháil an Lucht Oibre
- An tUasal Aengus Ó Snodaigh

Chuir cuid mhaith díobh sin iad féin ar fáil don Choimisiún ar ócáidí i ndiaidh a chéile agus thug go fial dá gcuid ama agus eolais. Táthar an-bhuíoch as sin.

**8.3 Prótacail agus Meabhrán Comhaontaithe**

Éilíonn Alt 108 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ar an gCoimisiún prótacail scríofa a chomhaontú le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le ceithre réimse.

Is iad seo:

1. Úsáid áiseanna coinneála ag Stáisiúin Gharda ag COGS
2. Feidhmiú an Acht um Cheart Coiriúil 1984 (Déileáil le Daoine faoi Choinneáil)
3. Imscrúduithe a chomhtharlaíonn
4. Eolas a roinnt, ar a n-áirítear fianaise ar chionta



Ar na Coimisinéirí a bheith ceaptha, cuireadh tús le hidirphlé le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir leis na hábhair sin agus bunaíodh meitheal oibre. Tháinig an mheitheal oibre ar an tuairim le cois na bprótacal scríofa ar na hábhair atá leagtha amach san Acht, go mba ghá Meabhrán Comhaontaithe níos mine a bheith ann idir an COGS agus an Garda Síochána. Is é is chúis leis sin ná chun raon d'idirghníomhaíochtaí riaracháin/oibríochtúla a tharlóidh idir an dá eagraíocht a chuimsiú.

Tháinig an mheitheal oibre le chéile ar ocht gcinn d'ócáidí agus rinneadh obair dhréachtaithe ar an dá thaobh idir chruinnithe.

Thug na Coimisinéirí eolas do Choimisinéir an Gharda Síóchána maidir leis an dréacht deiridh de na Prótacail agus den Mheabhrán Comhaontaithe agus tá siad ag feitheamh ar a fhreagra agus é seo á scríobh.

Ba mhaith leis na Coimisinéirí a mbuíochas a chur in iúl do bhaill na meithle oibre, go mór mór do bhaill rannóg Bhainistíocht Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, as a n-ionchur i gcur i gcrích an phróisis seo.





**9.1 Áitreabh**

Shainaithin an Coimisiún áitreabh ag 150 Sráid na Mainistreach, ag a bhfuil achar 30,000 troigh cr, i mí Bealtaine 2006 a bheith oiriúnach do riachtanais an Choimisiúin. Chuathas i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí agus d'aontaigh siad go n-oirfeadh an foirgneamh. Thug an Roinn Airgeadais cead i mí Iúil 2006 don Choimisiún dul ar aghaidh leis an léas.

Síníodh Comhaontú do Léas ar 22 Nollaig 2006. Bhíothas ag súil go mbeadh sé sin sínithe roimhe sin ach ba ghá aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna teicniúla. Forálann an Comhaontú do Léas na hoibreacha feistithe agus slándála a bheith curtha i gcrích faoin 31 Márta 2007. Tá soláthar de 6.284 milliún cuimsithe sna Meastacháin Leasaithe 2007 chun na costais chóiríochta a chumhdach.

**9.2 Teicneolaíocht Faisnéise**

D'fhostaigh an Coimisiún Bainisteoir Tionscadail i mí Bealtaine 2006 chun riachtanais Faisnéise agus Cumarsáide an Choimisiúin a mheas. Eisíodh Iarrataí ar Thairiscintí don mhargadh i mí Lúnasa 2006 le haghaidh tograí Bonneagair, Barrdheisce agus Teileafónaíochta agus ar leithligh le haghaidh Chóras Bainistíochta Cáis. Tá conradh bronnta ar Eircom chun na córais Bhonneagair ICT, barrdheisce agus teileafónaíochta a shuiteáil. Tá soláthraí tosaíochta roghnaithe don Chóras Bainistíochta Cáis. Tá an dá thionscadal faoi réir ag ag bPróiseas Athbhreithnithe Piara atá á reachtáil ag an Roinn Airgeadais faoina ndéanann grúpa roghnaithe de shaineolaithe TF athbhreithniú ar na próisis fhorbartha, soláthair agus bainistíochta a bhaineann le tionscadail.

Éilítear ar na Coimisinéirí tuarascáil a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir alt 77 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Rinneadh soláthar de €10.01m i Meastacháin 2006 le haghaidh costas Choimisiún an Ombudsman. Léirigh sé sin an dearcadh a nochtadh i dtuarascáil Ghrúpa Feidhmithe Acht an Gharda Síochána 2005, a raibh an Seanadóir Maurice Hayes ina chathaoirleach air, go mba leor buiséad de €10 milliún chun riar ar na leibhéil sholáthair foirne sa todhchaí intuartha.

**10.1 2006**

Ag glacadh leis go raibh an Coimisiún sa chéim ullmhúcháin in 2006 agus go ndeachaigh an fhoireann i mbun oibre ag deireadh na bliana sin, bhí an caiteachas ag €1.077 milliún cuid mhaith níos lú ná an Meastachán. Lena chois sin, ghlac na hidirbheartaíochtaí a bhain le léasú Cheanncheathrú an Choimisiúin níos faide ná bhí coinne leis agus mar thoradh air sin níor tabhaíodh costais a bhain leis an léas agus le feistiú, slándáil, troscán agus trealamh in 2006. Is miondealú de réir míre é seo a leanas ar chaiteachas in 2006:

| TUAIRISCÍ FOTHEIDIL 2006 | | |
|---|---|---|
| A01 | Tuarastail, Pá & Liúntais | €611,307.00 |
| A02 | Taisteal & Cothabháil | €15,399.44 |
| A03 | Costais Theagmhasacha | €106,026.30 |
| A04 | Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide | €18,246.39 |
| A05 | Innealra Oifige & Soláthairtí Oifige Eile | €261,864.61 |
| A06 | Costais Oifige & Áitribh | €42,956.07 |
| A07 | Seirbhísí Comhairleachta | €16,093.00 |
| | Ilnithe | €5,012.37 |
| | | **€1,076,905.18** |

Baineann na costais thuarastail atá léirithe leis na Coimisinéirí agus leis an bhFoireann Trasdula.

**10.2 2007**

Is é an soláthar do Choimisiún an Ombudsman sna Meastacháin Athbhreithnithe 2007 ná €17.027 milliún. Cuimsíonn sé sin meastachán de €6.284 milliún le haghaidh costais a bhaineann le fáil agus feistiú Cheanncheathrú an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath.



## COIMISINÉIRÍ



**AN BREITHEAMH KEVIN HAUGH**
Cathaoirleach



**CONOR BRADY**
Coimisinéir



**CARMEL FOLEY**
Coimisinéir

## FOIREANN BHAINISTÍOCHTA SHINSEARACH



**PAUL BUSCHINI**
Stiúthóir Imscrúdaithe



**ANTHONY DUGGAN**
Stiúrthóir Riaracháin



**KIERAN FITZGERALD**
Ceann Cumarsáide



**MICHAEL O'NEILL**
Ceann Gnóthaí Dlíthiúla



**RAY LEONARD**
Leas-Stiúrthóir Imscrúdaithe